

**Measúnú Rangbhunaithe 1 – Scoilbhliain 2021/22 (Tionscadal Scoláirí Aonair)
 Scoláirí Dara*/Tríú** Bliain (Cohórt scoláirí 2020-23/2019-22)**

<p>Forbhreathnú</p>	<p>Tionscadal Scoláirí aonair ar cheann de thrí rogha:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Fiontar á Chur i nGníomh 2. Eacnamaíocht á Cur i nGníomh 3. Airgeadas á Chur i nGníomh <p>Le linn 3 seachtaine beidh scoláirí ag gabháil do 3 réimse gníomhaíochta, trína ndéanfaidh siad fianaise a thiomnú ar a gcuid foghlama agus gnóthachtála:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Taighde a Dhéanamh – beidh ar scoláirí sonraí agus faisnéis a bhailiú ó fhoinsí éagsúla ina dtaighde. Agus a gcuid taighde á dhéanamh acu, ba cheart go bhfaigheadh na scoláirí treoir ó na nithe atá praiticiúil agus sábháilte ag an am i gcomhréir le comhairle sláinte phoiblí. 2. Anailís agus Meastóireacht ar Fhaisnéis – ba cheart do scoláirí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhailigh siad chun a dtorthaí taighde a mheas. 3. Tuascáil Aonair – Déanfaidh gach scoláire tuairisc a sheolfaidh siad isteach, ina mbeidh intreoir, fianaise ar thaighde a rinneadh, machnamh ar iontaofacht a dtaighde, anailís agus meastóireacht ar thorthaí taighde mar aon le conclúidí agus/nó moltaí a rinneadh ar bhonn na hanailíse agus na meastóireachta sin. <p>Cuirfear ábhar tacaíochta isteach freisin i gcuideachta na tuairisce.</p>
<p>Fianaise ar Fhoghlaim</p>	<p>Ba cheart an méid seo a leanas a bheith i ngach tuairisc:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Réamhrá ar an tuairisc ina leagtar amach an rogha a rinne an scoláire • Fianaise ar thaighde scoláirí le tagairtí/foinsí faisnéise • Machnamh na scoláirí ar iontaofacht a gcuid taighde • Anailís agus meastóireacht ar thorthaí an taighde le léirithe táblacha agus/nó grafacha • Conclúidí agus/nó moltaí a rinneadh ar bhonn na hanailíse agus na meastóireachta <p>Ba cheart go mbeadh ábhair thacaíochta amhail léirithe grafacha agus/nó táblaí ina gcuid den tuairisc. D'fhéadfaí a áireamh sa tuairisc cuntais airgeadais, suirbhéanna, ceisteanna agallaimh, íomhánna, grianghraif agus/nó grafaic faisnéise nuair is féidir. Féadann an scoláire fréamhshamlacha nó déantáin a chur sa tuairisc freisin ag brath ar a rogha MRB.</p>
<p>Dátaí Tábhachtacha (Cohórt na Scoláirí 2020-2023 – 2ú bliain)</p> <p>Dátaí Tábhachtacha (Cohórt na Scoláirí 2019-2022 – 3ú bliain)</p>	<p>Dé Luain, 1 Samhain 2021- Dé hAoine, 13 Bealtaine 2022: Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích,</p> <p>Dé Céadaoin, 18 Bealtaine 2022: An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha</p> <p>Dé Céadaoin, 25 Bealtaine 2022: An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh.</p> <p>*****</p> <p>Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair 2021: An dáta deiridh chun é a chur i gcrích</p> <p>Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2021: An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha</p> <p>Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair 2021: An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh.</p>
<p>Measúnú</p>	<p>Ba chóir don mhúinteoir ranga na ceithre Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar na rudaí is fearr a bhaineann le gach scoláire. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairiscíní Gráid sa chruinniú AFMÁ inar cheart samplaí d'obair na scoláirí agus dá mbreithiúnais a phlé agus a chur i gcomparáid le cuid a gcomhghleacaithe.</p>
<p>Tuairiscíú</p>	<p>Bronntar Tuairiscín ar an scoláire bunaithe ar a ngnóthachtáil. Ba chóir Tuairiscíní Gráid agus aiseolas a thuiriscíú do scoláirí agus do thuismitheoirí mar chuid de ghnáis tuairiscithe na scoile.</p>

* Sa Staidéar Gnó, i gcás scoláire sa dara bliain in 2021/2022, is tionscadal grúpa é MRB1 mar a leagtar amach sna treoirí ábhartha measúnaithe. Nuair is gá, de réir na comhairle sláinte poiblí ag an am nó de bharr cúinsí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, d'fhéadfadh bainistíocht na scoile cinneadh a dhéanamh i ndiaidh comhairliúcháin leis an múinteoir/leis na múinteoirí ábhartha go gcuirfeadh an scoláire tuascáil aonair i gcrích le haghaidh a MRB1 de réir an naisc thuas.

** Ní bheidh ach íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar.